

Irish A: literature – Standard level – Paper 1
Irlandais A : littérature – Niveau moyen – Épreuve 1
Irlandés A: literatura – Nivel medio – Prueba 1

Wednesday 4 May 2016 (afternoon)

Mercredi 4 mai 2016 (après-midi)

Miércoles 4 de mayo de 2016 (tarde)

1 hour 30 minutes / 1 heure 30 minutes / 1 hora 30 minutos

Instructions to candidates

- Do not open this examination paper until instructed to do so.
- Write a guided literary analysis on one passage only. In your answer you must address both of the guiding questions provided.
- The maximum mark for this examination paper is **[20 marks]**.

Instructions destinées aux candidats

- N'ouvrez pas cette épreuve avant d'y être autorisé(e).
- Rédigez une analyse littéraire dirigée d'un seul des passages. Les deux questions d'orientation fournies doivent être traitées dans votre réponse.
- Le nombre maximum de points pour cette épreuve d'examen est de **[20 points]**.

Instrucciones para los alumnos

- No abra esta prueba hasta que se lo autoricen.
- Escriba un análisis literario guiado sobre un solo pasaje. Debe abordar las dos preguntas de orientación en su respuesta.
- La puntuación máxima para esta prueba de examen es **[20 puntos]**.

Déan léirmheas liteartha ar cheann **amháin** de na sleachta seo thíos. Is gá aird a thabhairt ar an dá cheist a thugtar mar threoir duit.

1.

Na Quizmháistrí

Tráth dá raibh bhí teachaín agamsa, teachaín deas rua cois na habhann. Díon agus ballaí rua air, fuinneoga glana ag féachaint go neamhspleách ar aghaidheanna glasa an domhain. Bhí síoth ann, éin ag ceol ann agus solas na gréine ag briseadh trí na crainn. Istoíche i mo leaba dom chloisinn an abhainn ag siosadh léi. Sa samhradh thagadh spealadóir ag baint an fhéir sna goirt, ag fuascailt a bheo ghlais chun an aeir. Sa gheimhreadh sheasainn sa sneachta faoi shoals na gealaí agus dhéanainn iontas de mo theachaín deas rua; ó a dhuine, is é a bhí go teolaí fáilteach.

Bhí mo ghairdín lán d'fhásra. Fiaillí a thugadh daoine áirithe orthu, plandaí a thugaimse orthu. Thagadh na bláthanna ach thachtaí go luath iad. I mo shuí sa chistin dom chloisinn na feochadáin ag bualadh na fuinneoige á rá liom go maireann an rud atá láidir. B'fhear síochána mé, ní chuirinn isteach ar mo thimpeallacht. B'é an dála céanna ag an teach é, bhí sé salach dar le daoine, ach dar liomsa timpeallacht nádúrtha a bhí ann.

Bhíos ag obair i scoil ghreannmhar; bhí na máistrí ar fad greannmhar leis. Quizmháistrí a thugtaí orthu. Dá bhfeicfidís mise ag déanamh gáire déarfaidís "Féach thall an leisceoir, a leithéid de leiciméara!". Ní ceart gáire a dhéanamh i scoil ghreannmhar. Is fíor nach maith liom obair, an tsíocháin ionam faoi deara sin is dócha, mar is ionann obair agus damáiste éigin a dhéanamh do do thimpeallacht. Bhí 383 bhligeard i mo scoil freisin. Ní bhíodh na Quizmháistrí as láthair le breoiteacht riamh. Gach aon lá bhídís ar scoil go rialta tuirsiúil. Ní chuiridís isteach ar ghnó na scoile ach aon uair amháin ina saol. Sin é an lá a dtagadh aingeal an bháis ag cigireacht. Tá aingeal an bháis ceanúil ar Quizmháistrí. Buille mire amháin sa chliabh agus ar feadh soicind amháin bheadh ar na bligeaird bhochta féachaint ar an Quizmháistir, saothar anála air, a lámha cailciúla ag glámadh an aeir sula dtitfeadh sé as a sheasamh go mall righin, go sínfí comhthreormhar leis an urlár go deo é. Is ann a d'fhágfaí de ghnáth é go n-aimseodh na mná glantóireachta é. Ach dá mbeadh na bligeaird ceanúil ar an Quizmháistir rachfaí láithreach go dtí Brutus Iscariot, an t-ardmháistir, agus déarfaí "taom croí eile, seomra a 5A".

B'fhurasta na bligeaird a smachtú ar shochraid mháistir, mar b'fhearr leo é a leanúint go dtí an reilig ná é a leanúint tríd an dara díochlaonadh.

Is furasta post Quizmháistir a líonadh. Cuir i gcás Cerberus: traenáladh é mar choimeádaí do phríosún in aice na scoile, ach tháinig sé isteach an geata mícheart. D'fháiltigh Brutus roimhe agus ruaig sé chun an tseomra ranga láithreach é. Is mar sin a fuair Brutus cuid mhaith dá mháistrí, aon duine a thagann go dtí an doras: pluiméirí, lucht bainte uaigheanna. Tá buachaill aimsire an bhúistéara scanraithe roimh Bhutus. Le déanaí is é an tseift atá aige ná na hispíní a chrochadh ar bhaschrann an dorais agus teicheadh leis. Is mar gheall ar Bhutus nach dtagann cigirí chun na scoile.

- 35 Bhí scáthanna fada ag na máistrí go léir ach sháraigh Kronstein iad. Bhí sé an-tanaí ach bhí scáth trí thrioch is fiche ar fad aige. Bhí a fhios sin agam mar thomhais mé é lá, gan fhios dó. Ar maidin bhíodh a scáth roimhe amach ag spíodóireacht sa dorchla ach sa tráthnóna bhíodh air é a tharraingt ina dhiaidh amach trí cheo na cathrach. Deireadh na máistrí nár le Kronstein a scáth in aon chor ach le rud a fuair bás fadó. Deirtí gur mí-ádh mór seasamh air.

Seán Mac Mathúna, *Ding: agus scéalta Eile* (1983)

- (a) Cad é do mheas ar an atmaisféar a chruthaítear sa téacs, agus cad iad na ciútaí nó na teicnící scríbhneoireachta a mbaintear leas astu chun seo a bhaint amach?
- (b) Déan tagairt do na slí ina ndéanann an scéalaí a dhearcadh agus a mheon féin a léiriú agus conas mar a nochtann seo príomhthéamaí na heachtra.

2.

Éiceolaí

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,
a fear, a mac,
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad go baileach.
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.

5 Ní maith léi fiántas.

Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán
ná piast ag piastáil
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.

10 Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse.
Síneann na driseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse
cuileanna glasa a thál.

15 Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúile dá misneach.

Biddy Jenkinson, *Baisteadh Gintlí* (1986)

- (a) Déan tracht ar na slite ina léiríonn an file saol an dúlra nó an nádúir chun príomhthéama an dáin a chur os ár gcomhair.
- (b) Déan tagairt don úsáid nó don leas a bhaineann an file as an teanga agus as gnéithe eile litríochta sa dán tríd síos.
-